gur thuig sé uaidh gur bhuail sé leis an bPiarsach, leis, le linn na cuairte. Ba é an chomhairle dheiridh a fuair sé ón bPiarsach: "Ná déan aon ní a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh don chúis."

Ag cruinniú de na hÓglaigh i nDrom Collachair an Domhnach roimh Dhomhnach Cásca 1916 ghlaoigh an tAthair de Bhál i leith ar Chathal de Bhál agus dúirt leis dul síos go dtí teach Lil Ní Chonchúir mar gur theastaigh uaidh labhairt leis ar ghnó príobháideach. Ba bhall de Chumann na mBan í Lil Ní Chonchúir, agus bhí teach ósta beag aici sa Chearnóg. Nuair a shroich Cathal an teach chuir an tAthair de Bhál in aithne é do bheirt fhear a bhí i láthair. Ba iad beirt: an Captaen Mac an Airchinnigh, ó cheanncheathrú Bhriogáid Chathair Luimnigh, agus an Captaen Comerford ó Bhaile Áth Cliath.

Dúirt an bheirt oifigeach le Cathal de Bhál go raibh gnó an-tábhachtach le plé acu leis, ach sula bhféadfaidís é sin a dhéanamh nár mhór dó an mhóid a ghlacadh. Thoiligh Cathal, thug an mhóid, agus glacadh isteach san I.R.B. é. Cuireadh in iúl dó ansin go rabhthas chun tús a chur le hÉirí Amach an Domhnach ina dhiaidh sin; agus cheapadar é ina Cheannfort ar Bhriogáid Iarthar Luimnigh.

Tháinig Domhnach Cásca 1916, agus bhailigh Óglaigh Oirthear Luimnigh le chéile, timpeall 150 acu, ag Caisleán Ghleann an Chuim, in aice le Cill Íde; iad faoi cheannas Chathail de Bhál. Bhí beirt sheiplíneach leo, an tAthair de Bhál agus an tAthair Ó Haodha. Bhí na hÓglaigh ullamh chun dul sa troid — bhí treoraí oilte acu, an Captaen Mac an Airchinnigh, faoi mar a gheall Eoin Mac Néill dóibh, agus bhíodar ag súil leis na gunnaí ón nGearmáin. Ach sular bhuail uair na cinniúna tháinig teachtaire ó Luimneach agus scéala aige dóibh go raibh na horduithe go léir a bhí tugtha faoi "Inlíochtaí" na Cásca curtha ar ceal. Dhein na hÓglaigh cleachtadh arm ar feadh tamaill; ansin bheannaigh an tAthair de Bhál agus an tAthair Ó Haodha iad agus chuadar abhaile.

Is beag a mheas na hÓglaigh agus iad ag tabhairt an bóthair abhaile orthu féin go gcuirfí tús le Éirí Amach i bpríomhchathair na hÉireann an lá ina dhiaidh sin. Tharla sin áfach, ach de bharr toscaí nach raibh aon neart acu orthu, ní raibh aon bhaint ag Óglaigh Iarthar Luimnigh leis, ná ag formhór mór na nÓglach sa chuid eile den tír ach an oiread.

Nuair a bhí géillte ag na fir a throid i mBaile Áth Cliath, thug an tAthair de Bhál Óglaigh Dhrom Collachair le chéile agus dúirt leo go mbeadh orthu sin leis a gcuid gunnaí a thabhairt suas do na húdaráis Ghallda. Tugadh na gunnaí isteach go dtí beairic na bPóilíní, agus d'éiligh an tAthair de Bhál admháil do gach fear ar an ngunna a bhí tugtha suas aige.

"Tá Óglaigh Dhrom Collachair ag tabhairt suas a gcuid arm faoi éigeantas", a dúirt sé le Sáirsint na bPóilíní, "agus teastaíonn admháil uainn ar gach gunna a thabharfar suas." Fuaireadar sin.

An 5ú Bealtaine, 1916, scríobh an Ginearal Maxwell, Ard-cheannaire na bhFórsaí Gallda in Éirinn, chuig an Dochtúir Ó Duibhir, Easpag Luimnigh agus dhein gearán leis faoi bheirt shagart as deoise Luimnigh a bhí, a dúirt sé, i gcomhbhá leis na hÓglaigh, agus d'iarr ar an Easpag iad a chur i mbun gnóthaí éigin in áit ná beadh aon teagmháil acu leis an bpobal. Is iad an bheirt shagart a bhí i gceist aige an tAthair Tomás de Bhál agus an tAthair Micheál Ó Haodha.

Ar an 9ú Bealtaine scríobh an Dochtúir Ó Duibhir ar ais chuig Maxwell agus d'iarr air a chur in iúl dó cad é an bun a bhí aige lena cheapadh go raibh an tAthair de Bhál agus an tAthair Ó Haodha ina *"dangerous menace to the peace and safety of the realm."*

Thug Maxwell freagra ar an Easpag ar an 12ú Bealtaine agus thug liosta de na "coireanna" a bhí déanta ag an mbeirt shagart: Labhair duine acu ina shéipéal ar an 14ú Samhain, 1915, i gcoinne Conscríobh a chur i bhfeidhm in Éirinn; bhí sé ráite go raibh sé i láthair ag léacht a thug Pádraig Mac Piarais ar "Óglaigh '82"; bhí sé i láthair ag beannú bratach a bhí ag na hÓglaigh ar an 2ú Eanáir, 1916; labhair sé ag cruinniú de na hÓglaigh ar an 17ú Márta, 1915. Maidir leis an sagart eile, bhíodh sé gníomhach le Earnán de Blaghd áirithe ag eagrú Óglaigh na hÉireann; chuir sé mórchuid billeoigíní á gclóbhualadh ag iarraidh ar bhaill Chumann Lúthchleas Gael teacht isteach sna hÓglaigh; bhí sé ráite go raibh sé ina Uachtarán ar chomplacht de na hÓglaigh, agus go raibh sé i láthair ag cruinniú de na hÓglaigh *"when a certain John Mac Dermott delivered inflamatory and seditious speeches on 17th March 1916."*

Thug an Dr. Ó Duibhir a fhreagra stairiúil ar Maxwell an 17ú Bealtaine, 1916:

"Léas go cúramach na cúiseanna a chuiris i leith an dá shagart sin, an tAthair Ó Haodha, an Caisleán Nua, agus an tAthair de Bhál, Drom Collachair; ach ní fheicimse aon ní iontu a bhéaradh orm smacht a chur i bhfeidhm ar na sagairt. Togha sagairt is ea iontu araon. Tá tuairimí daingne acu ar cheisteanna náisiúnta, ach ní heol domhsa go bhfuil dlí cathartha nó dlí eaglasta ar bith briste acu.

"San litir sin a scríobhais chugam an 6ú lá den mhí seo, d'iarrais orm cabhrú leat chun do chuid gnótha mar dheachtóir míleata ar Éirinn a chur chun cinn. Abair is ná beadh obair den sórt sin lasmuigh dem réim ghnótha, na nithe atá ag titim amach le

(Ar lean. ar lch. 21)



# AIFREANN GAEILGE

## CEOL

Seán Óg Ó Tuama

### RÉAMHNÓTA

Ba chóir an ceol so a ghabháil le gluaiseacht saorga na Cantaireachta Eaglasta. Ní fhéadfainn cuisle an cheoil a scríobhadh síos le barraí daingne ná le gnáth-thomhas ceoil an lae inniu. Chuas i muinín na slí inar scríobhas anseo é. Is ionann an leathchamáin (semiquaver) agamsa agus an punctum nó an virga i nodaireacht na Cantaireacht Eaglasta. I rith an ama gluaiseadh an chaint agus an ceol ar aghaidh ina sruth seolta.


Ba mhaith liom an iarracht so, dá laige í, a thiomnadh do Chumann na Sagart. Murach baill áirithe den Chumann sin, agus an chabhair agus an gríosadh a thugadar dom, ní fheicfí choíche an saothar beag so uaimse.

Seán Óg Ó Tuama.

An Chéad Domhnach den Charghas

1967

# Credo




## AN tATHAIR TOMÁS DE BHÁL

(Ar leanúint)

cúpla seachtain anuas, choiscfidís sin mé ar aon pháirt a ghabháil i gcúrsaí atá, dom dhóighse, go millteach barbartha foréigneach.

". . . Bhís an-aireach gan aird dá laghad a thabhairt ar aon achainí trócaire a rinneadh ar son na n-ógánach bocht sin a ghéill duit i mBaile Áth Cliath. Ba é an chéad scéal a fuaireamar ar a n-oidhe ná an fógra go rabhadar arna lámhach gan trua gan taise. Im thaobhsa dhe, is fuath liom do ghníomh, agus creidim go bhfuil fionnaitheacht curtha aige ar mhuintir na tíre uile . . . Chun scéal gearr a dhéanamh de, tá an réimeas seo agatsa ar cheann de na caibidlí is measa agus is duibhe dá bhfuil i stair mhíríalú na hÉireann."

Bhí cosantóir arbh fhiú cosantóir a thabhairt air faighte ag mairbh agus ag cúis na Cásca. Deir Gearóid Mac Spealáin: "Do ghaibh mórtas agus gliondar na fíor-náisiúnaithe i ngach aird nuair a foilsíodh sa *Cork Examiner* an comhfhreagras a tharla idir an Ginearál agus an tEaspag, agus do rinne mórlaoch den Dr. O Duibhir . . ." Nuair a bronnadh Saoirse Chathair Luimnigh air go luath ina dhiaidh sin ghlac sé leis an uain chun óráid bhreá a thabhairt, óráid nár fhág aon amhras ar aoinne cad é an taobh ar a raibh Easpag Luimnigh: Thagair sé don litir a scríobh an Ginearál Maxwell chuige:

"Cheap sé, ó tharla cumhacht Arm Shasana a bheith lena chúl aige ná beadh sé de mhisneach agamsa gan rud a dhéanamh air. Is beag eolas a bhí aige ar chléir na hÉireann, sinne gur chúis mhórtais dúinn an gnáthchuimhne atá againn, agus a d'fhoghlaim ó na daoine a chuaigh romhainn an chaoi chun an fód a sheasamh roimh bharbaracht Ghall. Ní amháin go raibh orm beirt shagart a chosaint ar an deachtóir míleata sin, ach tarraingíodh i gceist, leis, an aigne a bhí agam do na fir óga a dhúnmharaigh sé i mBaile Áth Cliath. An rabhthas ag súil go ndéanfainnse iad a dhaoradh? . . . An rabhthas ag súil go mbeinnse ar dhuine den dream a bhí ag tromaíocht ar Phádraig Mac Piarais agus ar Thomás Mac Donncha agus ar Chonchubhar Colbárd, fir a lámhachadh gan triail, agus ar na fir is na mná sin a seoladh ina mílte an loch amach óna dtír dhúchais, gan triail? . . .

". . . Ní bheidh Éire sásta choíche le bheith ina cúige; rinne Dia náisiún di, agus fad a bheidh féar ag fás agus uisce ag rith beidh fir in Éirinn chun dul i gcontúirt agus chun bás a fháil ar a son . . ."

D'inis an tAthair de Bhál do Dhonncha Ó Briain faoin chéad uair a casadh é féin agus an Dr. Ó Duibhir le chéile tar éis Sheachtain na Cásca. Ag Comhchomhairle de Dhéanacht an Chaisleáin Nua a tharla sé, agus síleann Donncha gur sular fhoilsíodh an comhfhreagras le Maxwell a tionóladh an Chomhchomhairle. Bhí an tAthair de Bhál agus an tAthair Ó Haodha, iad araon, i láthair, agus ó tharla baint chomh dlúth sin a bheith acu leis na hÓglaigh ní rabhadar róchinnte cad é an dearcadh a bheadh ag an Easpag ar an scéal. D'fhan an bheirt acu i mbinse siar go maith uaidh. Ach ghlaoigh an Dr. Ó Duibhir i leith orthu nuair a bhí an Chomhchomhairle thart, agus labhair go caoin is go séimh leo.

Thug an tAthair de Bhál cuairt ar na hÓglaigh a bhí ina bpriosúnaigh i gcarcracha i Sasana am éigin roimh dheireadh 1916. Fuair sé litreacha ina dhiaidh sin ó athair Phiarais Béaslaoi ó Learpholl ag gabháil buíochais leis as chineáltas do Phiaras.

Sa bhliain stairiúil sin 1916 léigh an tAthair de Bhál páipéar i nGaeilge de Aontas Mhá Nuad. Cuntas a bhí ann ar shaol agus ar shaothar an tsagairt Phléimeannaigh, Guido Gezelle, sa 19ú aois, agus ar an dóigh inar neartaigh sé an Phléimeannais mar chosaint ar an náisiún agus mar scrín don chreideamh. Bhíothas á mholadh le dhá bhliain roimhe sin, go mbunófaí cumann ar leith don chléir a chuir spéis sa Ghaeilge, agus an coiste sealadach a bhí ceaptha chuige, shocraigh siad ar an chumann a bhunú go foirmiúil ag an gcruinniú de Aontas Mhá Nuad i mí an Mheithimh 1916. An tAthair de Bhál é féin a toghadh ina chéad Uachtarán ar an gCumann nua, Cumann na Sagart nGaedhealach.

An bhliain chéanna bhí sé ina fhear ceannais ar Cheolchoirm an Oireachtais a tionóladh i dTeach an Ardmhaoir i mBaile Áth Cliath. I bPort Láirge a bhí an tOireachtas le bheith i 1916, ach gur fhógair Cigire Chontae na Constáblachta ansiúd forchosc air. Cinneadh ansin ar mhion-Oireachtas a bheith i mBaile Áth Cliath. Ní raibh ach dhá ócáid phoiblí ann — an Fáiltiú in Óstán Minerva, agus an Ceolchoirm, a raibh an tAthair de Bhál ina fhear ceannais air.

Ag ArdFheis mhór Shinn Féin sa bhliain 1917 toghadh an tAthair de Bhál ar Ardchomhairle na heagraíochta. Bhí sé ar Choiste Gnóthaan Chonartha an t-am sin leis. Bás an Mhaoir Liam Réamoinn, deartháir Sheáin Réamoinn, a maraíodh sa Bheilg i dtús an Mheithimh 1917, d'fhág sé folúntas in ionadaíocht Pharlaiminteach Oirthear an Chláir. Tionóladh cruinniú de ionadaithe ó Shinn Féin in Inis chun socrú a

